*Uimhir* 6 *de* 2000

# AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (FORÁLACHA AIRGEADAIS), 2000

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Míniú.

2. Éifeacht Acht 1983 maidir le cumhacht údarás áitiúil chun muirir a dhéanamh.

3. Muirir áirithe arna ndéanamh ag údaráis áitiúla a dhéanamh bailí.

4. Cosaint.

5. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 1998 | |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais) (Uimh. 2), 1983 | 1983, Uimh. 21 |

*Uimhir* 6 *de* 2000

---

# AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (FORÁLACHA AIRGEADAIS), 2000

[*An tiontú oifigiúil*]

---

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CUMHACHT ÚDARÁS ÁITIÚIL CHUN MUIRIR A DHÉANAMH DE BHUA AN ACHTA RIALTAIS ÁITIÚIL (FORÁLACHA AIRGEADAIS) (UIMH. 2), 1983. [20 *Aibreán*, 2000]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.**—San Acht seo ciallaíonn ‘‘Acht 1983’’ an tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais) (Uimh. 2), 1983.

Míniú.

**2.**—(1) Leasaítear Acht 1983, in alt 1(1), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ‘‘achtachán láithreach’’:

Éifeacht Acht 1983 maidir le cumhacht údarás áitiúil chun muirir a dhéanamh.

‘‘ciallaíonn ‘achtachán láithreach’ achtachán atá i bhfeidhm ar thosach feidhme an Achta seo nó aon tráth dá éis (seachas achtachán arna rith tar éis an *tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 2000*, a rith);’’.

(2) Measfar gur tháinig an t-alt seo i ngníomh ar thosach feidhme Acht 1983.

**3.**—(1) San alt seo ciallaíonn ‘‘muirear iomchuí’’ muirear—

Muirir áirithe arna ndéanamh ag údaráis áitiúla a dhéanamh bailí.

(*a*) a airbheartóidh a bheith déanta ag údarás áitiúil, roimh an Acht seo a rith, de bhua alt 2 d'Acht 1983, chun seirbhís a sholáthar faoi achtachán nach raibh i bhfeidhm ar thosach feidhme Acht 1983, agus

(*b*) a bheadh bailí dá mbeadh an leasú a dhéantar le *halt 2* den Acht seo i bhfeidhm tráth déanta an mhuirir.

(2) Measfar muirear iomchuí a bheith déanta go bailí agus, maidir le haon mhuirear den sórt sin a rinneadh roimh an Acht seo a rith ach nach ndearna an t-údarás áitiúil lena mbaineann é a ghnóthú, féadfar é a ghnóthú ar mhodh chomh bailí agus chomh héifeachtúil céanna agus a d'fhéadfaí é a ghnóthú dá mba rud é go raibh an tAcht seo i bhfeidhm tráth déanta an mhuirir.

**4.**—Ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo difear d'aon imeachtaí a thionscnófar in aon chúirt agus a bhaineann le bailíocht aon mhuirir

Cosaint.

A.4 iomchuí (de réir bhrí *alt 3* den Acht seo) i gcás inar tionscnaíodh na himeachtaí sin roimh 18 Aibreán 2000.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

**5.**—(1) Féadfar an tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 2000, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2000, a ghairm de na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 1998, agus den Acht seo le chéile.

(3) Déanfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 1998, agus an tAcht seo a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin.